NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Ráiteas Straitéise

2026 > 2030

Eanáir 2026

# Clár na nÁbhar


Réamhrá 3

Ráiteas an Chathaoirligh 4

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 6

Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair 8

- Cuspóir agus Feidhm 8
- Reachtaíocht Chumasúcháin 8

Freagrachtaí an ÚNI 9

Straitéis Forbartha 11

Cur Chuige Struchtúrtha 12

- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara 13
- Athrú Aeráide 13
- An tIonchas Eacnamaíoch 14
- Slándáil Iompair Phoiblí 14
- Claonta Iompair Idirnáisiúnta 15

Ag Súil chun Tosaigh go Straitéiseach 16

Bunchuspóir, Fís agus Treoirphrionsabail 17

- Bunchuspóir 17
- Fís 17
- Treoirphrionsabail 17

Spriocanna 18

Cuspóirí Straitéiseacha 19

- Custaiméir ar dTús 19
- Gníomhú ar son na hAeráide agus ar son an Chomhshaoil 20
- Pleanáil Iompair 20
- Bonneagar Iompair 21
- Seirbhísí Iompair 21
- Sábháilteacht agus Rialúchán Iompair 22
- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara 22
- Daoine & Eagraíocht 23

Dúshláin Soláthar agus Príomhrioscaí 24

- Dúshláin Soláthar 25
- Príomhrioscaí 26

Gluais 27



# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá an Bord sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) le linn thréimhse a Ráiteas Straitéise is déanaí le haghaidh 2023 go dtí 2025. Lean an ÚNI lena obair thábhachtach chun soláthar bonneagair iompair inbhuanaithe a fheabhsú agus a leathnú ar fud an Stáit, agus béim ar leith á cur ar thaisteal gníomhach. Tá dul chun cinn maith déanta ag an ÚNI freisin chun seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú agus a leathnú, lena n-áirítear trí chláir BusConnects agus Éire a Nascadh.

Le deich mbliana anuas nó mar sin, tá borradh mór tagtha faoi gheilleagar na hÉireann agus de réir meastachán táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh fáis air sna blianta atá romhainn.  Táthar ag súil go mbeidh fostaíocht láidir, ioncam cánach sláintiúil, agus boilsciú measartha íseal ina n-údair spreagtha don gheilleagar.  Cé gur údar imní na coinníollacha eacnamaíocha domhanda, fanann an dearcadh ginearálta dearfach. Mar gheall ar an mborradh faoi dheiseanna eacnamaíocha, feictear fás láidir sa daonra agus táthar ag súil go leanfaidh sé sin sna blianta amach romhainn. Tá sé i gceist ag an ÚNI a chinntiú go sáraíonn leathnú sheirbhísí iompair phoiblí agus leibhéal fáis an daonra, le go dtabharfar aghaidh ar riachtanais nach sásaítear go dtí seo go fóill. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leanúint de bheith ag feabhsú agus ag leathnú an chomhtháthaithe le naisc iompair go dtí Tuaisceart Éireann.

Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) le haghaidh 2026-2035 €275.4 billiún in infheistíocht chaipitiúil phoiblí, méid níos mó ná a bhí riamh, chun todhchaí na hÉireann a dhaingniú, an soláthar tithíochta a mhéadú, an bonneagar uisce agus fuinnimh a uasghrádú, níos mó bóithre a sholáthar, agus iompar poiblí níos fearr a chur ar fáil. Cuireann an ÚNI fáilte is fiche roimh an méid uaillmhéine a léirítear sa PFN uasdátaithe ina sholáthraítear leibhéal infheistíochta nach bhfacthas riamh roimhe seo i mbonneagar agus i seirbhísí iompair inbhuanaithe thar na deich mbliana atá romhainn. Tá leithdháileadh thart ar €1.8 billiún le haghaidh iompar gníomhach agus glasbhealaí agus thart ar €12.1 billiún le haghaidh iompar poiblí, lena n-áirítear €2.0 bhilliún le haghaidh Metrolink, sa Phlean Infheistíochta Earnála le haghaidh Iompair 2026-2030 a foilsíodh le gairid.

Tá an UNI i gceannas ar phleanáil iompair inár gcathracha, ar bhonn reachtúil i mBaile Átha Cliath agus i gcomhar le húdaráis áitiúla i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Le linn thréimhse na straitéise corparáidí seo, tá na straitéisí iompair le huasdátú do gach ceann de na cúig chathair, agus ullmhúchán do Phlean Feidhmithe Comhtháthaithe le gabháil leis an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) chomh maith.

Tréimhse is ea tréimhse an Ráitis Straitéise seo ina ndíreofar go suntasach ar thionscadail bonneagair iompair inbhuanaithe mhóra a sholáthar, ar fud an Stáit. Sa tréimhse chéanna cuirfear go leor tionscadal atá níos lú, ach atá rí-thábhachtach, chun cinn, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach (INRT), Clár Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí (ICCC), agus sraith chuimsitheach feabhsaithe ar fhaisnéis do phaisinéirí, gan ach roinnt acu a lua.  Deartar na tionscadail bhonneagair seo chun comhtháthú agus chun teacht lena chéile, cuirtear le córas iompair náisiúnta inbhuanaithe leo, agus sásaítear daoine ar fud fad na tíre leo. Is iad na tionscadail mhóra atá le cur chun cinn go suntasach ná CycleConnects, Éire a Nascadh, BusConnects (i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile), Luas, MetroLink, DART+ agus Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile (TCGE).

Cuireann an ÚNI fáilte roimh ghealltanas an Chláir Rialtais 2025 chun samhail mhaoinithe inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh seirbhísí iompair Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) nó seirbhísí iompair fóirdheontais, amach anseo.  Agus an tsamhail mhaoinithe á forbairt, beidh sé tábhachtach a bheith ar an eolas go dtiocfaidh ceanglais nua chun tosaigh de réir mar a chríochnaítear gnéithe éagsúla de chlár infheistíochta caipitiúla an ÚNI. Creideann an ÚNI go gcuideodh an t-aistriú go leithdháiltí maoinithe ilbhliantúla go mór leis an eagraíocht soláthar seirbhíse a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí, go háirithe nuair a dhéantar athruithe suntasacha ar sheirbhísí. Chomh maith leis sin, bheadh soiléireacht maidir leis an gcothromaíocht is fearr idir táillí úsáideoirí agus maoiniú OSP i dtaobh pleanáil iompair mheántéarmach agus fhadtéarmach an-tairbhiúil.

Tá an ÚNI tiomanta do nascacht a fheabhsú ag leibhéil cathrach agus réigiúnach, lena n-áirítear trí Phlean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh, clár atá deartha chun seirbhísí bus a leathnú, minicíocht a fheabhsú, agus naisc iontaofa a dheimhniú idir cathracha, bailte, sráidbhailte agus pobail thuaithe.  Déanfar tuilleadh infheistíochta i seirbhísí Nasc Áitiúil, lena leathnófar líonra Transport for Ireland (TFI). Sa bhreis air sin, oibreofar go dlúth le hoibreoirí ceadúnaithe trádála bus agus cóiste lena seirbhísí a fhorbairt tuilleadh, seirbhísí a bhfuil áit lárnach acu in éiceachóras iompair phoiblí na hÉireann, go háirithe faoin tuath.

Ar feadh thréimhse an Ráiteas Straitéise seo, bainfidh an ÚNI úsáid as a leithdháileadh státchiste leis na hacmhainní is gá leo a chur i bhfeidhm, d’fhonn a spriocanna straitéiseacha agus torthaí spriocdhírithe a bhaint amach.

Agus a fhreagrachtaí á gcomhlíonadh aige faoi dhualgas comhionannais agus cearta daonna na hearnála poiblí atá leagtha amach in alt 42 d’Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2015, oibríonn an ÚNI go réamhghníomhach chun comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar idirdhealú agus cearta daonna a chuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann beartais agus pleananna an ÚNI difear dóibh a chosaint.

Ar son an ÚNI, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair ár gcomhpháirtithe uile le Bonneagar Iompair Éireann (TII), oibritheoirí iompair, oifigí soláthar Nasc Áitiúil, Tionóil Réigiúnacha agus údaráis áitiúla ina measc.  Aithníonn an Bord an ról tábhachtach atá imeartha ag foireann bainistíochta agus fostaithe an ÚNI i seirbhísí reatha agus tionscadail iliomad a sholáthar.



**Peter Strachan**

**Cathaoirleach**

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Mar phríomhfheidhmeannach, is mór an onóir dom a bheith i gceannas ar eagraíocht a sholáthraíonn bunchuspóir agus fís an ÚNI, ag obair le comhpháirtithe uile chun bonneagar agus seirbhísí a sholáthar a nascann daoine le deis agus a chuireann gnólachtaí ar a gcumas infheistiú agus a bheith faoi bhláth.

Tá sé an-soiléir go bhfuil córas iompair éifeachtach agus feidhmiúil ríthábhachtach d'fholláine eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta. Feabhsaíonn sé rochtain ar jabanna, seirbhísí agus deiseanna sóisialta go háirithe dóibh siúd a bhfuil rochtain teoranta acu ar fheithiclí príobháideacha. Chomh maith le rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí a leathnú, tá an ÚNI geallta chun caighdeán na seirbhísí a fheabhsú sna blianta amach romhainn le go mbeidh siad níos mealltaí don lucht úsáidte. Tá sé i gceist ag an ÚNI maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsuithe i réimsí amhail iontaofacht, poncúlacht agus comhtháthú seirbhísí, agus astaíochtaí carbóin agus truailliú ó thorann a laghdú.

Mar eagraíocht, táimid tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hinrochtaineacht ar an mbonneagar iompair agus ar sheirbhísí iompair a fheabhsú.  Is éard atá i gceist leis sin ná prionsabail maidir le dearadh uilíoch a leabú, constaicí fisiceacha, céadfacha agus digiteacha a bhaint agus áiseanna a fheabhsú ar bhonn leanúnach le riachtanais úsáideoirí a shásamh.  Geallaimid go n-oibreoimid le grúpaí abhcóideachta míchumais agus páirtithe leasmhara eile, go ndéanfaimid infheistíocht in oiliúint foirne agus i dteicneolaíochtaí ionchuimsitheacha, agus go gcinnteoimid go bhfuil roghanna iompair inbhuanaithe cothromasach, sábháilte agus fáilteach do dhaoine de gach aois agus cumas chomh maith.

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár ár gcuid oibre uile mar eagraíocht. Agus ár sainordú á chur i bhfeidhm againn, táimid i gcónaí ag iarraidh cinntiú go gcoinnímid béim chothrom ar an tsochaí, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar. Leanfaimid de gach iarracht a dhéanamh seirbhísí agus bonneagar iompair inbhuanaithe na hÉireann a fheabhsú, agus an tionchar gaolmhar ar an gcomhshaol a íoslaghdú ag an am céanna.

Tá ról lárnach ag an ÚNI fós maidir le Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe na Roinne Iompair a chur chun cinn, beartas ina leagtar creat le haghaidh siúil, rothaíochta agus iompar poiblí amach.  Éilítear sa bheartas comhoibriú ar ardleibhéal idir Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus an earnáil phríobháideach. Tá an ÚNI ag súil le céim a dó de phlean gníomhaithe an bheartais a chur i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse 2026-2030.

Tá sé mar phríomhfhócas ag an ÚNI taisteal gníomhach a spreagadh, le hinfheistiú ar thart ar €1 milliún sa lá déanta i dtionscadail lena dtacaítear le bealaí straitéiseacha do choisithe agus rothaithe, rochtain ar scoileanna, naisc thréscaoilteachta, agus glasbhealaí uirbeacha ina measc. Agus áiseanna siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán á soláthar, spreagfar níos mó daoine tiontú ar an taisteal gníomhach, rud a chabhróidh leo torthaí sláinte a fheabhsú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Tá fís náisiúnta leagtha amach ag Éirinn maidir le haistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.  Faoi 2030, tá sé de chúram ar earnáil iompair na hÉireann a hastaíochtaí carbóin a laghdú faoi leath, ó thart ar 12 mhilliún tonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (MtCO2eq) go dtí 6 MtCO2eq; chun sprioc 2030 a bhaint amach beidh sé riachtanach áitiú ar sciar níos mó daoine aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe a úsáid.

Leanfaidh an ÚNI de na tionscadail leanúnacha uile a chur chun cinn, tionscadail ina ndírítear ar sprioc na Roinne Iompair ina mbeidh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí freagrach as 50% de na turais uile faoi 2030 a bhaint amach. Laghdófar astaíochtaí carbóin an iompair phoiblí tríd an bhflít iompair phoiblí a leictriú agus trí thionscadail eile, agus déanfar bainistíocht ghníomhach ar laghdú astaíochtaí a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara san earnáil. Is eol don ÚNI go bhfeiceann daoine tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide cheana féin, agus cuirfidh sé bearta i bhfeidhm chun iompar inbhuanaithe a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de.

Mar cheann dár bhfeidhmeanna reachtúla, tá an-fhonn ar an ÚNI cur leis an mbainistíocht éifeachtach ar éileamh iompair. Seachas a bheith ag triall iompar a sholáthar leis an éileamh atá tuartha a shásamh amháin, beimid ag féachaint go réamhghníomhach le bealaí an gá le taisteal trí mhodhanna meicnithe a laghdú, trí réimse ionstraimí a úsáid. Mar shampla, creidimid go bhféadfaidh go leor feabhsuithe a dhéanamh sa chaoi a n-eagraímid ár réimse uirbeach leis an ngá atá le taisteal a laghdú, go háirithe ó thaobh carranna de. Tacaímid go láidir le scéim bainistíochta maidir le héileamh iompair a chur i bhfeidhm do MBÁC agus más i bhfeidhm í, táimid cinnte go meallfadh sé go leor buntáiste go dtí mhuintir an réigiúin sin.

Is réimse teicneolaíochta atá ag fás go han-tapa í an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear an mheaisínfhoghlaim, an fhoghlaim dhomhain agus líonraí néaracha, a bhfuil réimsí amhail an t-uathoibriú, róbataic agus botaí comhrá mar chuid di. Le hIntleacht Shaorga Ghiniúnach (IS giniúnach) is féidir ábhar a chruthú, amhail téacs, íomhánna, cód agus fuaim, atá an-chosúil le hábhar a chruthaigh daoine. In 2025, thosaigh an ÚNI ar chumas an IS Ghiniúnaigh cur leis an táirgiúlacht, soláthar seirbhíse a fheabhsú, agus tacú le nuálaíocht thar raon a oibríochtaí, a fhiosrú go gníomhach. Beidh béim ar úsáid fhreagrach, cosaint sonraí agus machnamh eiticiúil, chomh maith le bainistiú deiseanna agus rioscaí i gcomhréir le luachanna agus misean seirbhíse poiblí an ÚNI mar threoir againn, de réir mar a leanaimid d'iniúchadh a dhéanamh ar an iliomad bealaí inar féidir IS giniúnach a úsáid.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár mbaill foirne go léir as bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar ar bhonn leanúnach, agus táthar an-bhuíoch as a n-obair siúd ar mhaithe leis an gcáipéis straitéise seo a fhorbairt freisin. Tá an ÚNI tar éis fás go han-suntasach le cúpla bliain anuas agus tá sé tábhachtach go gcoinnímid ár dtreoirphrionsabail agus ár gcultúr maidir le huileghabhálacht agus éagsúlacht, de réir mar a fhorbraímid an eagraíocht a thuilleadh lenár sainordú atá ag fás a chomhlíonadh agus le nascacht do mhuintir agus do cheantair na hÉireann a sholáthar.

Tá mé ag súil le bheith ag obair leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe chun na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm.



**Anne Shaw**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Cé hé an tÚdarás Náisiúnta Iompair

## Cuspóir agus Feidhm

Is comhlacht Stáit reachtúil neamhthráchtála é an ÚNI, a bhíonn ag feidhmiú faoi stiúir na Roinne Iompair.

Baineann sainchúram an ÚNI go príomha le modhanna iompair inbhuanaithe a phleanáil, a fhorbairt agus a mhaoiniú, is é sin iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, ar bhonn náisiúnta. Cuimsíonn sainchúram an ÚNI freisin rialáil seirbhísí bus poiblí tráchtála chomh maith le hearnáil na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí agus clampáil feithiclí.

Bainistíonn an ÚNI an clár infheistíochta caipitiúla go náisiúnta maidir le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl, maoiniú oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile do thionscadail cheadaithe thar ceann na Roinne Iompair.

Is é an ÚNI an t-údarás freisin ar na trí thionscadal iompair phoiblí ollmhór a bhfaigheann tacaíocht ón bPlean Forbartha Náisiúnta uasdátaithe 2026 - 2035. Is iad sin ná:

- BusConnects
- Clár DART+
- MetroLink

Áirítear ar shainchúram an ÚNI freastal ar an éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann chomh maith le bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun astaíochtaí carbóin ó thaobh an iompair de a laghdú.

## Reachtaíocht Chumasúcháin

Bunaíodh an ÚNI i mí na Nollag 2009 de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh ar dtús é mar údarás iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Mar sin féin, athainmníodh é ina dhiaidh sin mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar leathnaíodh feidhmeanna an ÚNI chun ceadúnú seirbhísí bus trádála agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí go náisiúnta a chur san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, inar tugadh bunreachtaíocht nuashonraithe le chéile maidir le ceadúnú na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tiománaithe agus a nuashonrú, agus leathnaíodh raon feidhme geografach roinnt feidhmeanna na heagraíochta go náisiúnta freisin.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, leathnaíodh tuilleadh cumhachtaí an ÚNI lena chur ar a chumas fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheontais áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Teanntáil Feithiclí, 2015, lena dtugtar an fhreagracht do ÚNI as rialú na ngníomhaíochtaí teanntála ar bhonn náisiúnta, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an ÚNI freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú na pleanála iompair agus úsáide talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn riachtanais áirithe iompair phoiblí agus bainistíochta tráchta an réigiúin atá comhdhéanta de 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

# Freagrachtaí an ÚNI

**Ar leibhéal náisiúnta, tá an ÚNI freagrach as:**

- Seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí mheán conarthaí seirbhíse iompair Poiblí
- Líonra iompair phoiblí chomhtháite inrochtana a fhorbairt
- Seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a rialú nach bhfuil faoi réir conradh seirbhísí iompair phoiblí
- Áiseanna agus scéimeanna rothaíochta a sholáthar leis an rothaíocht a chur chun cinn
- Creatlach rialaithe a fhorbairt agus a choinneáil le haghaidh Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí a smachtú agus a oibriú (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní), mar aon lena tiománaithe agus seirbhísí gaolmhara (oibritheoirí seolta san áireamh)
- Aighneachtaí reachtúla a ullmhú maidir le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha
- Na cearta a thugann an AE do phaisinéirí a fhorfheidhmiú i gcás iompair iarnróid, agus iompar ar muir agus iompar ar bhusanna agus cóistí
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonaí
- Ticéadú comhtháite, táillí agus faisnéis iompair phoiblí a sholáthar
- Úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn trí mhargaíocht ilchainéalach agus gníomhaíochtaí bolscaireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Soláthar bhonneagar bus agus flít a sholáthar nó a mhaoiniú
- Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Teanntáil feithiclí a rialú sa Stát
- Sonraí staitistiúla agus faisnéis faoi chúrsaí iompair a thiomsú
- Bailíochtú a dhéanamh ar údaruithe an AE agus foirmeacha turais maidir le taisteal bus agus cóiste i gcomhréir le Rialachán an AE Uimh. 1073/2009
- Maoirseacht a dhéanamh ar eintitis riachtanacha agus thábhachtacha in earnáil na mbóithre, i gcomhréir le Treoir maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise 2022/2555 (NIS2)
- I gcomhréir leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (AEC), seasmhacht iompair a fheabhsú in Éirinn trí mhaoirseacht ar eintitis riachtanacha san earnáil

**Laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá na freagrachtaí breise seo a leanas ag an ÚNI:**

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair
- Bainistíocht éifeachtach a dhaingniú maidir le héilimh thráchta agus iompair
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar iompair phoiblí go léir

## Feidhmeanna eile:

**Tugann an Roinn Iompair faoi na feidhmeanna neamhreachtúla seo a leanas:**


- Pleanáil iompair straitéiseach do na cathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge)
- Cláir na nIonad Oibre Taistil níos Cliste agus na gCampas Taistil níos Cliste a riaradh
- Maoiniú inrochtaineachta a chur ar fáil d'oibreoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile
- Tionscadail inbhuanaithe iompair sna cathracha réigiúnacha - Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge - a phleanáil agus a mhaoiniú
- Cistiú an Chláir um Iompar Tuaithe a bhainistiú
- An Clár Taistil Scoileanna Glasa a bhainistiú

# Straitéis Forbartha


# Cur Chuige Struchtúrtha

Agus an Ráiteas Straitéise á fhorbairt, lean an ÚNI próiseas struchtúrtha, le machnamh cúramach a dhéanamh maidir le sonraí amhail bearta reatha agus reachtaíocht, aiseolas ó pháirtithe leasmhara, tionchar athrú aeráide, coinníollacha eacnamaíochta reatha agus tuartha, agus claonta iompair idirnáisiúnta chomh maith.

## Cúlra an Bheartais




Is straitéis fhadtéarmach, 20 bliain é an **Creat Náisiúnta Pleanála** (CNP) do phleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe inár gceantair uirbeacha agus tuaithe go dtí 2040, agus iad mar phríomhspriocanna aige forbairt réigiúnach chothrom agus cur chuige 'dlúthfhás' inbhuanaithe a dhaingniú i bhfoirm agus i bpatrún na forbartha sa todhchaí. Cuireadh an chéad athbhreithniú ar an CNP i gcrích in Aibreán 2025.




An CNP agus an **Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030** (PFN) le chéile atá i dTionscadal Éireann 2040, ar straitéis fhadtéarmach uileghabhálach de chuid an rialtais é chun tír níos fearr do chách a dhéanamh d'Éirinn agus todhchaí níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú. Leagtar fís agus straitéis amach sa CNP d'fhorbairt ár dtíre go dtí 2040 agus soláthraítear sa PFN an infheistíocht chumasaithe leis an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Clúdaítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta a uasdátaíodh le gairid an tréimhse 2026-2035 agus leagtar amach ann infheistíocht iomlán ar €275.4 billiún thar an tréimhse 2026 go dtí 2035, agus leithdháiltí caipitiúla earnála ar €102.4 billiún don tréimhse 2026 go dtí 2030. Tá leithdháileadh thart ar €1.8 billiún le haghaidh iompar gníomhach agus glasbhealaí agus thart ar €12.1 billiún le haghaidh iompar poiblí, lena n-áirítear leithdháileadh €2.0 bhilliún le haghaidh Metrolink, sa Phlean Infheistíochta Earnála le haghaidh Iompair 2026-2030 a foilsíodh le gairid.





Is é an **Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn** (CNIIÉ) creat straitéiseach ardleibhéil na Roinne Iompair lena dtacaítear le machnamh a dhéanamh ar infheistíocht todhchaí in iompar talaimh agus le tosaíocht a thabhairt don infheistíocht sin, ag tacú le soláthar an CNP agus an PFN.




Is éard atá i gceist leis an **Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025–2030** ná plean uilerialtais de chuid na hÉireann chun cearta, ionchuimsiú, agus comhionannas daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM) a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm i gColún 5 den straitéis, Iompar agus Soghluaisteacht, constaicí atá roimh dhaoine faoi mhíchumas taisteal go neamhspleách agus rochtain a fháil ar a rogha ceann scríbe a laghdú nó deireadh a chur leis na constaicí sin.




Sa **Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025** (PGA25), leagtar amach treochlár gníomhartha chun ár sprioc náisiúnta ar son na haeráide a bhaint amach, ag tráth nach déanaí ná deireadh 2050, is é sin an t-aistriú go geilleagar atá athléimneach in aghaidh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de. Áirítear leis sin pleananna le haghaidh taisteal gníomhach méadaithe agus úsáid mhéadaithe iompair phoiblí, chomh maith le leictriú fhlít an iompair phoiblí agus úsáid mhéadaithe bithbhreoslaí. Tagann sé leis na buiséid charbóin agus leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála ar fud an gheilleagair, atá ina gceangail dlí, ar chomhaontaigh an Rialtas leo in Iúil 2022.




Leagtar amach sa **Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe** (BNSI) creat straitéiseach go dtí 2030 do thaisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht) agus aistir iompair phoiblí chun cabhrú le hÉirinn a hoibleagáidí aeráide a comhlíonadh. I bPlean Gníomhaithe 2026-2030 BNSI a ghabhann leis, tá gníomhartha chun roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a fheabhsú agus a leathnú ar fud na tíre, trí roghanna seachas turais ghluaisteáin, atá sábháilte, glas, inrochtana agus éifeachtúil a chur ar fáil.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Mhair an próiseas rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara an ÚNI thart ar cheithre seachtaine le linn Dheireadh Fómhair/Shamhain 2025. Bhí an próiseas seo cruthaithe chun freastal ar thrí shraith comhairliúcháin ar leith, atá á rith ag an am céanna trí thairseach comhairliúcháin an ÚNI ar líne. Tá an méid seo a leanas sna sraitheanna seo:

- Suirbhé atá deartha do mhuintir an phobail;
- Suirbhé atá deartha do réimse leathan páirtithe leasmhara, Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, oibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an earnáil ghnó agus an pobal níos leithne agus an earnáil deonach; agus
- Suirbhé atá deartha do fhoireann an ÚNI.

Dhírigh aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin seo go mór ar mhisean táscach an ÚNI, spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha, agus scaipeadh na sonraí a bhaineann leo mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Tugtar aghaidh ar an aiseolas faighte sa leagan deireanach den Ráiteas Straitéise seo. Tá an ÚNI an-bhuíoch as am agus as iarrachtaí na ndaoine uile a rinne aighneachtaí, rud a chabhraigh eolas a thabhairt don cháipéis straitéiseach seo.

## Athrú Aeráide

Tá tionchar an athraithe aeráide buailte le hÉirinn cheana féin, lena n-áirítear teochtaí á n-ardú, stoirmeacha níos measa, tuilte abhann agus cósta a tharlaíonn níos minice agus leibhéil mhara ag ardú, tionchar acu siúd uile ar bhonneagar agus seirbhísí iompair. Trí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá sé d’aidhm ag Éirinn geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus neodrach ó thaobh an charbóin de faoi 2050, le hastaíochtaí a laghdú faoina leath faoi 2030.

D’fhonn an earnáil iompair a hastaíochtaí carbóin a laghdú le 50% faoi 2030, leagtar amach na hidirghabhálacha móra seo a leanas sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide:


- Taisteal gníomhach agus sláintiúil a chur chun cinn le haghaidh turais níos giorra, rud a gcabhróidh infheistíocht mhór i mbonneagar taistil ghníomhaigh leis.
- Comhtháthú feabhsaithe idir úsáid talún agus pleanáil iompair, in éineacht le bearta chun an t-éileamh iompair a bhainistiú, rud a chabhróidh le héifeachtúlacht a fheabhsú agus le brú tráchta a laghdú.
- Leathnú bonneagair agus seirbhísí iompair phoiblí lena gcuirtear rogha inbhuanaithe ar fáil seachas an carr príobháideach.
- Leictriú suntasach flít iompair a bhainfidh an leas is fearr as dícharbónú leanúnach eangach leictreachais na hÉireann, le hastaíochtaí carbóin a laghdú go mór.
- Úsáid na mbithbhreoslaí a mhéadú nuair a nach féidir an flít iompair a leictriú.

## An tIonchas Eacnamaíoch

Le deich mbliana anuas nó mar sin, tá borradh mór tagtha faoi gheilleagar na hÉireann agus de réir meastachán táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh fáis air sna blianta atá romhainn. Táthar ag súil go mbeidh fostaíocht láidir, ioncam cánach sláintiúil, agus boilsciú measartha íseal ina n-údair spreagtha don gheilleagar. Cé gur údar imní iad na coinníollacha eacnamaíocha domhanda, taraifí trádála a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm san áireamh, tá an dearcadh ginearálta fós dearfach. Mar gheall ar an mborradh faoi dheiseanna eacnamaíocha, feictear fás láidir sa daonra agus táthar ag súil go leanfaidh sé sin sna blianta amach romhainn.

Dá bhrí sin, tá dúshláin ann maidir le soláthar bhonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí, toisc go bhfuil leathnú leanúnach riachtanach díreach chun coinneáil suas le fás sa daonra sula bhféadfar obair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais nach sásaítear faoi láthair. Mar thoradh ar an ngeilleagar láidir, tá fadhbanna le soláthar lucht oibre, go háirithe do thionscadail mhóra, réimse ina bhfuil an boilsciú ard atá sa tionscal foirgníochta ann go fóill freisin.

Mar chomhartha ar an ngeilleagar láidir, gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta nuashonraithe le haghaidh 2026-2035 infheistíocht chaipitiúil phoiblí a dhéanamh ar luach €275.4 billiún, méid níos mó ná riamh, chun bonneagar a sholáthar lena gcabhrófar le riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta mhuintir na hÉireann a shásamh do na glúine atá le teacht. Leagtar amach sa PFN uasdátaithe leithdháiltí caipitiúla ón Státchiste ar luach €102.4 billiún don tréimhse 2026-2030, méadú 30% ar an leithdháileadh roimhe sin don tréimhse chéanna.  Ón €102.4 billiún sin, leithdháiltear €24.3 billiún ar an Iompar, €2.0 billiún geallta do MetroLink san áireamh.




## Slándáil Iompair Phoiblí

Cé gur tharla dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas maidir le hinfheistíocht i mbearta sábháilteachta, is fadhb thromchúiseach í an iompraíocht fhrithshóisialta fós, agus is orthu siúd a úsáideann ár líonra iompair phoiblí go rialta, agus a oibríonn laistigh ann, a mbíonn tionchar díreach ag aon teagmhais sábháilteachta nó slándála ar an líonra. Tá gealltanas sa Chlár Rialtais 2025 Fórsa Slándála Iompair a chruthú faoin Údarás Náisiúnta Iompair agus beidh feidhmeanna agus cumhachtaí acu cosúil leis na cinn atá ag Póilíní Aerfoirt agus ag Oifigigh Chustaim.

Cé go raibh méadú suntasach san infheistíocht i mbearta slándála ar iompar poiblí le blianta beaga anuas, beidh ról lárnach ag an bhFórsa Slándála Iompair i ndul i ngleic leis an bhfadhb thábhachtach seo.

# Claonta Iompair Idirnáisiúnta

## Inbhuanaitheacht

Faoi láthair tá gluaiseacht i dtreo na hinbhuanaitheachta le feiceáil san earnáil phoiblí dhomhanda, rud atá á spreagadh ag an riachtanas atá ann astaíochtaí agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus córais soghluaisteachta níos athléimní a chruthú. Tá tíortha ag méadú a gcuid infheistíochta i mbonneagar taistil ghníomhaigh, ag cur dlús le leictriú córas iompair talún, agus ag an am céanna ag athdhearadh líonraí chun tacú le gluaiseacht daoine agus earraí atá níos glaine agus níos éifeachtúla.

## Intleacht Shaorga (IS) sa tSoghluaisteacht

Tá IS á úsáid sa tionscal iompair níos mó de réir a chéile. Mar shampla, tá córais IS a dhéanann sceidil iompair phoiblí a optamú á dtriail ar bhonn píolótach i gcathracha ar nós Amstardam agus Shingeapór. Úsáideann na córais sin sonraí éilimh fíor-ama, aimseartha agus tráchta chun éifeachtacht a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú.

## Feithiclí Leictreacha (FL) agus Bonneagar Tacaíochta

Tá feithiclí leictreacha ag éirí ina mbunchloch i réabhlóid an iompair. Faoi dheireadh 2025, tá sé tuartha go ndíolfar breis is 20 milliún aonad FL go bliantúil, spreagtha ag bearta rialtais agus ag feasacht mhéadaithe ar an gcomhshaol. Leis na príomhfhorbairtí ar theicneolaíocht cadhnra, tá costais á laghdú agus tá an dlús fuinnimh á fheabhsú, agus tá tíortha ar nós na Stát Aontaithe, na Síne agus náisiúin an Aontais Eorpaigh ag déanamh infheistíochtaí ar fiú na billiúin iad i mbonneagar luchtaithe FL.

## Iompar Uathrialaitheach

Táthar ag súil mbogfaidh feithiclí uathrialaitheacha (FU) ar aghaidh óna gcéimeanna triallacha go dtí feidhm phraiticiúil sna blianta beaga amach romhainn. Feictear cláir phíolótacha i gceantair uirbeacha freisin d'iompar poiblí uathrialaitheacha amhail robotacsaithe sna Stáit Aontaithe, busanna gan tiománaithe i Singeapór agus seirbhísí tointeála san Eoraip.

## Comhchuibhiú agus Foilsiú Sonraí

Tá comhchuibhiú sonraí agus foilsiú sonraí iompair phoiblí ar thairseacha inrochtana ar líne ag bailiú nirt. Is éard atá i gceist leis sin ná sonraí éagsúla a chur i bhformáidí comhsheasmhacha caighdeánacha le hidir-inoibritheacht agus le hinúsáidteacht a chinntiú do pháirtithe leasmhara éagsúla. Is é an rud is tábhachtaí sa phróiseas sin ná cloí le caighdeáin idirnáisiúnta sonraí d'iompar poiblí, amhail GTFS (General Transit Feed Specification (Sonraíocht Ghinearálta maidir le Fothaí Iompair)) agus NeTEx (an caighdeán Eorpach lena mhalartaítear sonraí iompair phoiblí). Leanfar de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh AE atá ag teacht chun cinn, ar nós na Treorach nuashonraithe um Chórais Iompair Chliste (CIC) agus rialacháin a bhaineann léi, a bhfuil sé mar aidhm leo Spás Coiteann Eorpach do Shonraí Soghluaisteachta (SCESS) a chruthú le haghaidh soghluaisteacht shaoráideach, chliste agus inbhuanaithe, agus déanfar na tionscnaimh sin a éascú an oiread agus is féidir.

## Ganntanais sa Lucht Oibre

Tá ganntanais sheasta i lucht oibre an tionscail iompair, go háirithe do thiománaithe agus pearsanra lóistíochta. Spreagann sé seo an brú i dtreo uathoibrithe mhéadaithe agus forbairt teicneolaíochtaí nua le hoibríochtaí a athchóiriú chun éifeachta.

# Ag Súil chun Tosaigh go Straitéiseach

# Bunchuspóir, Fís agus Treoirphrionsabail

## Bunchuspóir

**Chun pobal agus áiteanna na hÉireann a nascadh le chéile, trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inrochtana inbhuanaithe ardchaighdeáin a chur ar fáil, rud a chuireann go mór le pobail bhríomhara atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, le timpeallacht shláintiúil, le forbairt réigiúnach chothrom agus le geilleagar láidir.**

## Fís

Agus ár mbunchuspóirí á bhaint amach, is é ár bhfís a bheith:

1. éifeachtach maidir le soláthar bonneagair agus seirbhísí iompair inrochtana atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe.
2. iontaofa, ag obair ar bhealach tairbheach chun cabhrú na torthaí is fearr a mhúnlú, astaíochta carbóin a laghdú san áireamh.
3. in eagraíocht a sholáthraíonn deis dár bpobal barr a gcumais a bhaint amach agus gairmeacha sásúla a chruthú agus iad ag mothú go bhfuil ardmheas orthu i dtimpeallacht a thacaíonn leis an éagsúlacht agus ionchuimsitheacht ag an am céanna.

## Treoirphrionsabail

Tá ár bpróiseas cinnteoireachta agus an chaoi a n-iompraímid muid féin bunaithe ar luachanna an ÚNI. Déanfaimid ár straitéis a chur i bhfeidhm agus cloífimid lenár gcroíluachanna mar a leagtar amach thíos.

- **Gealltanas Seirbhíse Poiblí –** tabharfaimid tosaíocht do riachtanais an phobail i ngach pleanáil agus soláthar iompair, agus cinnteoimid go mbeidh na seirbhísí ionchuimsitheach, cothromasach agus freagrúil do riachtanais an phobail.
- **Inbhuanaitheacht –** cuirfimid réitigh iompair atá freagrach don chomhshaol chun cinn agus tacóimid le spriocanna aeráide na hÉireann trí thionscnaimh taistil ghníomhaigh agus flít iompair phoiblí astaíochtaí ísle.
- **Sábháilteacht agus Iontaofacht –** coinneoimid ardchaighdeáin sábháilteachta do na húsáideoirí iompair uile, agus seirbhísí rialta iontaofa á soláthar againn ar féidir le daoine muinín a bheith acu astu.
- **Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú –** déanfaimid áit oibre ionchuimsitheach a chothú agus cuirfimid réitigh iompair i bhfeidhm lena dtacófar le hiompar inrochtana do dhaoine ar gach aois, ar gach cumas agus ó gach aon áit, rud a chuirfidh dearadh uilíoch agus nascacht tuaithe chun cinn.
- **Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht –** ghlacfaimid teicneolaíochtaí cliste agus an chinnteoireacht de réir sonraí chugainn féin, agus déanfaimid ár bhfoireann a chumasú chun córais agus cleachtais a fheabhsú ar bhonn leanúnach, le feidhmíocht agus luach ar airgead a uasmhéadú.
- **Trédhearcacht agus Freagracht –** oibreoimid le hoscailteacht, le hiontaofacht agus le cumarsáid shoiléir, ar bhealach a fhágann go bhfuilimid freagrach dár bhfoireann, don phobal, do pháirtithe leasmhara agus don rialtas.

- **Fís Straitéiseach –** pleanálfaimid do riachtanais soghluaisteachta fhadtéarmacha le fadbhreathnaitheacht agus inoiriúnaitheacht, rud a ailíneoidh an bonneagar iompair le pleanáil náisiúnta forbartha agus uirbeach, agus infheisteoimid i bhforbairt ár bhfoirne ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa todhchaí.
- **Comhoibriú –** oibreoimid le chéile i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla, oibreoirí iompair agus pobail, agus déanfaimid an comhoibriú a chothú thar earnálacha chun líonraí iompair comhtháthaithe a sholáthar ag an am céanna.

## Spriocanna

- **Tosaíocht don Chustaiméir –** Le tuiscint dhomhain ar riachtanais an chustaiméara, bonneagar agus seirbhísí a chur ar fáil a chomhlíonann na riachtanais sin agus béim á cur ar inrochtaineacht, uileghabhálacht, comhtháthú, éifeachtúlacht agus luach ar airgead.

- **Gníomhú ar son na hAeráide agus ar son an Chomhshaoil –** Aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe, astaíochtaí iompair a laghdú agus bearta bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm. An bhithéagsúlacht a chosaint agus réitigh dúlra-bhunaithe a chur chun cinn, agus eagraíocht atá tuisceanach don aeráid agus don chomhshaol a coinneáil.

- **Pleanáil Iompair –** Pleanáil iompair straitéiseach a dhéanamh, ag iarraidh ailíniú optamach na húsáide talún le beartas agus le cleachtas iompair a bhaint amach.

- **Bonneagar Iompair –** Clár infheistíochta cuimsitheach a chur i bhfeidhm lena sholáthraítear bonneagar iompair inbhuanaithe ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

- **Seirbhísí Iompair –** Soláthar optamach seirbhísí iompair phoiblí inrochtana, iontaofa, ar ardchaighdeán agus fóirdheonaithe a chinntiú do dhaoine i ngach réigiún timpeall na hÉireann. Teicneolaíocht agus léargais sonraí a threisiú le seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear an fhaisnéis a sholáthraítear don phobal.

- **Sábháilteacht agus Rialúchán Iompair –** Socruithe slándála a neartú ar an gcóras iompair phoiblí. Earnálacha na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (FBSP) agus na mbusanna tráchtála a rialú agus a fheabhsú, mar aon le gníomhaíochtaí clampála ar fud an Stáit. Rialacháin AE um Chearta Paisinéirí a chur i bhFeidhm.

- **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara –** An pobal a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an ÚNI fad a théitear i mbun oibre, comhoibrithe agus comhpháirtíochta le páirtithe seachtracha chun tacú lenár straitéis a bhaint amach.

- **An Fhoireann agus an Eagraíocht –** Tacú le forbairt ár bhfoirne i dtimpeallacht oibre dhearfach, fad a choinnítear eagraíocht atá nuálach, atá oiriúnach don fheidhm agus atá bunaithe ar fhianaise chun ardchaighdeáin rialachais agus soláthar seirbhíse a bhaint amach.

# Cuspóirí Straitéiseacha

Chun cuspóirí an ÚNI a chur i bhfeidhm, tá roinnt spriocanna straitéiseacha luaite le gach cuspóir atá le baint amach thar shaolré na straitéise. Tá na spriocanna straitéiseacha leagtha amach thíos agus iad i gcomhréir leis na cuspóirí lena mbaineann siad, atá le baint amach le linn 2026-2030. Tabhair faoi deara go bhfuil roinnt cuspóirí straitéiseacha thíos faoi réir spleáchais sheachtracha, lena n-áirítear faomhadh pleanála agus maoiniú an rialtais.

## Custaiméir ar dTús

1. Leanúint ar aghaidh ag forbairt tuiscint dhomhain ar riachtanais custaiméirí nó úsáideoirí iompair, le cinntiú go bhfreastalaíonn an bonneagar agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar na riachtanais sin go héifeachtach.
2. Comhtháthú iompair agus seirbhísí a fheabhsú go leanúnach chun líonra iompair phoiblí atá éasca le húsáid agus eispéireas taistil saoráideach ó thús deireadh a chur ar fáil do chustaiméirí.
3. Críoch a chur le rolladh amach náisiúnta Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile, réiteach ticéadaithe nua-aimseartha agus soiléir a chuireann íocaíochtaí fón póca agus cárta dochair/sochair san áireamh.
4. Críoch a chur leis an aistriú chuig Uathchóras Aimsithe Feithiclí amháin a léiríonn suíomh fíor-ama na bhfeithiclí, le haghaidh gach seirbhís bus OSP.
5. Clár píolótach mol soghluaisteachta a fhorbairt a chuireann carranna comhroinnte, rothair chomhroinnte (caighdeánach agus leictreach, rothair lastais san áireamh) agus, scútair leictreacha más cuí.
6. Cumarsáid éifeachtach leanúnach a chinntiú le custaiméirí, go háirithe nuair a chuirtear isteach ar sheirbhísí, trí fheabhsuithe amhail clár na Seirbhísí Eolais do Chustaiméirí don ghréasán iarnróid.
7. Clár Feabhsúcháin Stadanna Bus a sholáthar, lena n-áirítear gach stad bus a aistriú chuig stíl an TFI mar aon le heolas custaiméara comhsheasmhach, cuí agus cothrom le dáta a sholáthar ag stadanna, ag stáisiúin agus ar sheirbhísí ar bord.
8. Béim ar inrochtaineacht a chinntiú ionas go mbeidh bonneagar agus seirbhísí ar fáil do chách, le tionscnaimh lena n-áirítear deich stáisiún iarnróid bhreise a iarfheistiú chun cloí le riachtanais inrochtana agus leanúint ar aghaidh le bearta inrochtana a bhaineann le seirbhísí bus agus FBSP.
9. Béim leanúnach a choimeád ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ar fud ghníomhaíochtaí ÚNI, chun a chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach do chustaiméirí agus cáiníocóirí.
10. Ionchuimsitheacht a fheabhsú, teagmháil a dhéanamh go réamhghníomhach le grúpaí úsáideoirí difriúla chun iad a chur ar an eolas faoi fheabhsúcháin lena bhfreastalaítear ar a riachtanais shainiúla.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus ar son an Chomhshaoil

1. Cothromaíocht modhanna iompair níos fearr a chur chun cinn agus níos mó daoine ag baint úsáid as modhanna inbhuanaithe lena n-áirítear siúl, rothaíocht, soghluaisteacht chomhroinnte agus córas iompar poiblí.
2. Bearta éifeachtacha bainistíochta um éileamh iompair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear foilsiú na scéime bainistíochta éilimh le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
3. Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chothú, rud a thacaíonn le soláthar tionscadal ísealcharbóin, tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear ábhair thógála ísealcharbóin a úsáid, athúsáid acmhainní agus soláthar inbhuanaithe.
4. Laghdú ar astaíochtaí iompair phoiblí a bhaint amach i gcomhar le páirtithe leasmhara na hearnála, lena n-áirítear aistriú 75% de sheirbhísí bus uirbeacha chuig feithiclí saor ó astaíochtaí/astaíochtaí ísle agus cur i bhfeidhm straitéise aistrithe chuig feithiclí astaíochtaí ísle le haghaidh seirbhísí bus réigiúnacha.
5. Bearta a chur i bhfeidhm chun go mbeadh iompar inbhuanaithe ní b'athléimní ó thaobh na haeráide de.
6. Gnáthóga nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú trí gníomhaíochtaí ar son na bithéagsúlachta a thabhairt isteach i bpleanáil iompair agus soláthar bonneagair, lena ndeimhnítear tionscadail a laghdóidh tionchair ar éiceachórais leochaileacha.
7. Úsáid na réiteach dúlra-bhunaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear conairí glasa agus plandáil atá fabhrach do phailneoirí in aice bealaí iompair chun tacú le nascacht éiceolaíoch.
8. Infheistíocht iompair a ailíniú le prionsabail na dlúthfhorbartha a dhéanann tógáil talún a laghdú, an bhithéagsúlacht a chosaint, agus scoilteadh gnáthóga a laghdú.
9. Creidiúnú Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán le haghaidh Córais Bainistíochta Fuinnimh (ISO 50001) a bhaint amach chun ábaltacht ÚNI a mhéadú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí CO2 a laghdú.
10. Feabhas leanúnach a chur ar inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht eagraíochta, i dtreo a bheith níos neodraí ó thaobh na haeráide de.

## Pleanáil Iompair

1. Comhtháthú a fhorbairt agus a fheabhsú idir soláthar iompair agus úsáid talún i dtaobh pleanála agus cleachtas, le fócas ar leith ar thacú le dlúthfhás agus forbairt bunaithe ar iompar.
2. Pleananna Soghluaisteachta Uirbeacha a ullmhú do na nóid uirbeacha Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéisí Iompair Réigiúnacha agus Uirbeach, i gcomhréir le rialacháin AE TEN-T.
3. Bainistíocht a dhéanamh ar chlár straitéisí agus pleananna iompair do cheantair uirbeacha trasna na tíre, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha.
4. Córais mhonatóireachta agus tuairiscithe maidir leis an timpeallacht a fhorbairt chun inbhuanaitheacht i straitéisí iompair agus forbairt iompair a fheabhsú.
5. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéisí iompair trí na pleananna, cláir agus tionscadail chuí chun a chinntiú go dtagann siad leis na cuspóirí leagtha amach sna straitéisí.
6. Treoir agus uirlisí a fhorbairt agus a chothabháil chun tacaíocht a thabhairt do chinntí pleanála iompair agus infheistithe iompair.

## Bonneagar Iompair

1. Leanúint ar aghaidh leis an gclár bonneagair taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear cur i bhfeidhm thionscadail taistil ghníomhaigh 800km.
2. An clár BusConnects a chur chun cinn, agus ceithre chroíchonair bhus arna gcur i gcrích ar fud Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, mar aon le Nasc Traschathrach na Gaillimhe, agus ceithre chroíchonair bhus eile á dtógáil.
3. Forbairt Bhealach Ilchóracha Dáileacháin Thuaisceart Chorcaí chun soláthar iompair inbhuanaithe a éascú i gCorcaigh.
4. Flít tram ar Líne Dhearg an Luas a aischur agus toilleadh ar an Líne Uaine a mhéadú. Cuireadh tús le tógáil Luas Fhionnghlaise, agus línte Luas i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh á bpleanáil agus cead pleanála á lorg dóibh.
5. An scéim MetroLink a chur chun cinn suas go dtí tús na tógála, agus é sin áireamh.
6. A chinntiú go gcuirfear tús le feidhmiú sheirbhísí DART ar an líne ó Thuaidh chuig Droichead Átha agus an líne Thoir-Theas chuig Cill Mhantáin, agus go gcuirfear tús le DART+ an Iarthair agus, ag brath ar mhaoiniú, DART+ an Iardheiscirt.
7. Déraonú a chríochnú ar líne chumaisc an Ghleanntáin chuig Mainistir na Corann.
8. Leanúint de bheith ag soláthar nascachta le líonraí TEN-T agus a chosaint.
9. Toiliú pleanála a aimsiú le haghaidh stáisiún bus nua ag Heuston nó suíomh moil sainaitheanta eile.
10. Cúig áis pháirceála agus taistil straitéiseacha a thógáil, agus cúig cinn eile réidh le tógáil.
11. Creataí maoirseachta agus soláthair cuí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le soláthar éifeachtach an chláir bhonneagair iomláin a chinntiú.
12. Díriú ar sholáthar na dtionscadal a uasmhéadú laistigh den mhaoiniú atá ar fáil, agus béim leanúnach á cur ar luach ar airgead a bhaint amach.
13. Tacú lenár bpáirtithe soláthair, soláthraithe iompair, Tionóil Réigiúnacha agus údaráis áitiúla trí threoir agus oiliúint a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le forbairt agus soláthar bonneagair.

## Seirbhísí Iompair

1. An creat seirbhísí iompair phoiblí fóirdheonaithe a fhorbairt tuilleadh; leagfar amach na príomhthosaíochtaí chomh maith le treoir maidir le maoiniú inbhuanaithe na seirbhísí iompair sin i gcomhréir le forbairtí amach anseo.
2. Soláthar sheirbhísí bus trádála, ceadúnaithe a fheabhsú trí idirghabhálacha ábhartha, athruithe rialaithe san áireamh, rud a fheabhsaíonn inrochtaineacht, iontaofacht agus comhtháthú sheirbhísí bus trádála le líonra an iompair phoiblí níos leithne.
3. Leanúint ar aghaidh ag cur le gréasán na seirbhísí iompair phoiblí, mar fhreagra ar riachtanais custaiméirí atá ag athrú.
4. Inbhuanaitheacht agus nuálaíocht in oibríochtaí bus trádála a chur chun cinn chun tacú le spriocanna aeráide agus soghluaisteachta na hÉireann.
5. Rolladh amach straitéis na dtáillí náisiúnta a chríochnú.
6. Rolladh amach athdhearadh an líonra BusConnects a chríochnú i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

7. Rolladh amach Éire a Nascadh a chríochnú mar aon le deich seirbhís bus baile nua nó méadaithe a chur i bhfeidhm.
8. Seirbhísí bus agus iarnróid ardchaighdeáin agus inrochtana a fháil, trí chonarthaí dírbhronnta agus tairisceana poiblí, rud a chinntíonn go bhfaightear luach ar airgead.
9. Soláthar seirbhísí iompair phoiblí faoi chonradh a bhainistiú go héifeachtach, trí chéimeanna a ghlacadh chun feidhmíocht oibríochta agus iontaofacht seirbhíse líonraí bus agus iarnróid a fheabhsú.
10. Tionchar na dteicneolaíochtaí nua agus léargais sonraí a threisiú chun seirbhísí agus eispéiris custaiméirí a fheabhsú go leanúnach.

## Sábháilteacht agus Rialúchán Iompair

1. Teagmháil a dhéanamh go gníomhach leis an Roinn Iompair agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le creat a fhorbairt chun socruithe slándála a neartú ar iompar poiblí, lena n-áirítear Fórsa Slándála Iompair nua a bhunú atá i gcomhréir le Clár an Rialtais reatha.
2. Idirghabhálacha cuí a mheas agus a dhéanamh chun sábháilteacht agus slándáil ár n-úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú ar bhonn leanúnach.
3. Feabhas a chur ar thuiscint ar leibhéil seirbhíse agus soláthar FBSPanna, dóibh siúd a bhfuil riachtanais inrochtana acu san áireamh, trí bhreis taighde, comhoibriú le páirtithe leasmhara agus méadú ar úsáid na teicneolaíochta.
4. Seirbhísí FBSPanna a fheabhsú – lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus le haghaidh úsáideoirí Feithiclí atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí (FOCRanna) – agus dícharbónú an fhlít FBSPanna a chur chun cinn, iad go léir trí chúnamh deontais, rialúchán agus bearta eile.
5. Leibhéil arda chomhlíonta a choimeád agus leanúint ar aghaidh le córais rialála a fhorbairt a bhaineann le clampáil feithiclí, le seirbhísí bus tráchtála atá ceadúnaithe ag an ÚNI agus le Rialacháin AE maidir le Cearta Paisinéirí.
6. Creat rialála nua a rolladh amach faoin Treoir maidir le hAthléimneacht na nEintiteas Criticiúil, sainaithint bunseirbhísí agus eintiteas criticiúil a chinntiú, ag feabhsú athléimneacht iompair in Éirinn.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

1. Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal ar chlár oibre an ÚNI.
2. Feasacht a chothú ar ról ÚNI maidir le réitigh iompair éifeachtacha, inbhuanaithe a chur ar fáil mórthimpeall na hÉireann.
3. Caidrimh láidre a fhorbairt agus a choimeád le páirtithe leasmhara na hearnála.
4. Cinntiú go bhfuil ÚNI éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar aiseolas a fhaightear trí chomhairliúcháin phoiblí, agus muinín á cothú aige leis an bpobal.
5. Éascú agus teagmháil a dhéanamh go héifeachtach leis an gCoiste Comhairleach um Úsáideoirí Iompair agus an Coiste Comhairleach ar Bheagfheithiclí Seirbhísí Poiblí.
6. Ionaduithe tofa, Comhaltaí an Oireachtais agus na nÚdarás Áitiúil san áireamh, a fhreagairt go héifeachtach agus teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leo.

## Daoine & Eagraíocht

1. Athbhreithnithe eagraíochta tréimhsiúla a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an struchtúr, na suíomhanna oifige, an líon foirne agus an cultúr cuí ag ÚNI chun a chuspóirí a bhaint amach go rathúil.
2. Tacaíocht oiliúna agus forbartha chuimsitheach a sholáthar atá saincheaptha ag leibhéal an fhostaí aonair chun cabhrú lenár bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach.
3. Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (CÉI) a leabú inár dtimpeallacht oibre ionas gur féidir le daoine ó gach cúlra agus cultúr mothú compordach agus oibriú le chéile go héifeachtach.
4. Réitigh Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) éifeachtacha agus suas chun dáta a chothabháil chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.
5. Maoirseacht a dhéanamh ar sheasamh cibearshlándála agus athléimneacht ÚNI, oibritheoirí iompair agus bunsoláthraithe.
6. Forfheidhmiú an Chórais Pleanála Acmhainní Fiontair Airgeadais (ERP) nua a chríochnú agus é a nascadh le Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile (NGT).
7. Glacadh le hIntleacht Shaorga (IS) in ÚNI a chur chun tosaigh, ar bhealach sábháilte agus freagrach chun buntáistí táirgiúlachta a bhaint amach.
8. Feidhm an Údaráis Áitiúil a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar eintitis in earnáil na mbóithre faoin Treoir NIS2.
9. Ardchaighdeán in éifeachtúlacht agus éifeachtacht eagraíochta a choimeád chun a chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach.
10. Cinntiú go gcloítear le socruithe rialachais láidre, lena n-áirítear iniúchtaí rialta ar chleachtais rialachais agus éifeachtacht an Bhoird.



# Dúshláin Soláthar agus Príomhrioscaí

# Dúshláin Soláthar

Agus clár oibre cuimsitheach an ÚNI á sholáthar thar na blianta amach romhainn, aithníodh roinnt príomhdhúshlán, na cinn atá leagtha amach a leanas:

**Constaicí Maoinithe**
Thar na blianta amach romhainn, tá pleananna uaillmhianacha ag an Rialtas feabhas suntasach a chur ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh agus ar sheirbhísí iompair ar fud an Stáit, agus astaíochtaí carbóin ón bhflít iompair phoiblí a laghdú. Toisc go bhfuil an oiread sin éileamh éagsúil ar mhaoiniú ón Rialtas, áfach, measann an ÚNI go mbeidh constaicí i réimsí áirithe lena n-áirítear foireann riachtanach a mhaoiniú, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar sholáthar.  Creideann an ÚNI go láidir go bhfuil ciste uileghabhálach ilbhliantúil do sheirbhísí iompair OSP ag teastáil, le naisc shoiléire idir an infheistíocht bhonneagair agus na himpleachtaí caiteachais reatha a bheas mar thoradh uirthi mar gheall ar fheidhmiú agus ar chothabháil sna blianta amach romhainn.

**Ganntanais sa Lucht Oibre**
Agus tionscadail iompair á soláthar, tá an ÚNI ag súil go rachaidh an brú chun oibrithe oilte a mhealladh i ndéine, go háirithe do scileanna speisialaithe atá gann ar leibhéal domhanda. Féadfaidh iomaíocht mhéadaithe do phearsanra tógála ó earnálacha eile tuilleadh srianta a chur le hinniúlacht, rud óna dteastódh iarrachtaí comhordaithe idir an rialtas, ceardchumainn agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun leibhéil foirne inbhuanaithe a chinntiú. Beidh measúnacht thráthúil ag teastáil ón ÚNI agus, nuair is infheidhme, ceadú ón Rialtas chun tuilleadh foirne a cheadú do chlár oibre méadaithe agus feidhmeanna leathnaithe. Táthar ag súil le ganntanas seasta sa lucht oibre in oibriú seirbhísí iompair, go háirithe maidir le tiománaithe bus agus le meicneoirí feithiclí a earcú, rud a chuirfidh isteach ar sholáthar seirbhíse.

**Ceaduithe Phleanála**
Is rud casta agus fadálach é tionscadail mhóra a chur chun cinn tríd an bpróiseas pleanála, agus is minic a bhíonn fadhbanna ann nach raibh súil leo. Tar éis ceadú pleanála a fháil, is féidir le hathbhreithnithe breithiúnacha agus le hachomhairc moill a chur ar thionscadail ar feadh tréimhsí fada nó an ceadú pleanála a chur ar ceal sa deireadh. I bhfianaise a mhéad is a bhraitheann soláthar iompair ar chinntí tráthúla intuartha, cuireann an ÚNI fáilte roimh an dul chun cinn atá déanta le déanaí ar fud an chórais pleanála.

**Riachtanais Chomhlíonta**
Tá gníomhaíochtaí ÚNI faoi réir riachtanais chomhlíonta lena n-áirítear Treoirlínte Bonneagar, treoracha AE maidir le soláthar poiblí, agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025. Cé go gcinntítear le polasaithe agus bearta den saghas sin go bhfuil gcoinnítear ardchaighdeáin, tá críochnúlacht shuntasach ag teastáil uathu agus dian ar chúrsaí oibre, rud a chuireann moill ar an soláthar. Mar shampla, féadann próisis soláthair a bheith casta agus fadálach ach tá siad rí-thábhachtach chun teannas iomaíoch a choinneáil agus go mbaintear luach ar airgead amach dá bharr.

## Príomhrioscaí

Agus a fheidhmeanna á dhéanamh aige, d'aithin an ÚNI príomhréimsí riosca mar a leagtar amach thíos agus rinneadh an-mhachnamh orthu agus an Ráiteas Straitéise á ullmhú. Tá creat bainistithe riosca láidir á oibriú ag an ÚNI lena mbainistítear agus lena laghdaítear na príomhrioscaí seo.

- Maoiniú easnamhach do thionscadail agus seirbhísí.
- Teipeadh ar sheirbhísí móra iompair.
- Teipeadh ar chóras TF ríthábhachtach.
- Teipeadh sábháilteachta mór ar chóras iompair.
- Inniúlacht eagraíochtúil easnamhach nó inniúlacht easnamhach maidir le tionscadail a sholáthar go héifeachtach.
- Intleacht Shaorga (IS) ag cur isteach ar straitéis eagraíochtúil a sholáthar.
- Éagumas costais sholáthar tionscadal a bhainistiú go héifeachtach.
- Mainneachtain cuspóirí an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta a bhaint amach.
- Teipeadh rialaithe nó teipeadh smachtaithe inmheánach.
- Frithbheartaíocht mhór ó chustaiméirí maidir le bonneagar nó seirbhísí soláthraithe.
- Cibir-ionsaithe níos minice agus níos casta.
- Ganntanas foirne a bhfuil scileanna riachtanacha acu.

# Gluais

**IS –** Is réimse teicneolaíochta atá ag fás go han-tapa í an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear an mheaisínfhoghlaim, an fhoghlaim dhomhain agus líonraí néaracha, a bhfuil réimsí amhail an t-uathoibriú, róbataic agus botaí comhrá mar chuid di.

**AVL –** Uathchóras Aimsithe Feithiclí, lena dtaispeántar suíomh fíor-ama feithiclí.

**ICCC –** Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí (ICCC), clár mór infheistíochta i mbonneagar atá mar chuid de Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Chorcaí (CMATS) 2040.

**PGA25 –** An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025.

**Treoir AEC –** Treoir (AE) maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (AEC) 2022/2557, treoir ar fud an AE agus chuireann dualgas ar ballstáit athléimneacht eintiteas criticiúil a threisiú agus iad ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha.

**Bearta lena mbainistítear Éileamh –** maítear in Alt 71(7) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 go gciallaíonn "bearta lena mbainistítear éileamh" bearta a chuireann laghdú i dtaisteal iomlán nó fás i dtaisteal iomlán laghdaithe chun cinn lena n-áirítear bearta chun:

(a) an gá le taisteal a laghdú,

(b) úsáid feithiclí inneallghluaiste agus go háirithe carranna príobháideacha a laghdú,

(c) taisteal ar iompar poiblí, ar rothar agus de chos a mhéadú in ionad taisteal i gcarranna príobháideacha,

(d) daoine a spreagadh chun taisteal ag amanna nach bhfuil an iomarca brú tráchta ann seachas muirear brú tráchta a thabhairt isteach, agus

(e) fad turais a laghdú.

**CÉC** – Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

**MBÁC** – Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

**IS Giniúnach –** Cumasaíonn Intleacht Shaorga Ghiniúnach (IS giniúnach) ábhar a chruthú, amhail téacs, íomhánna, cód, agus fuaim - atá cosúil aschur daonna.

**ISO 50001 –** Caighdeán Eagraíochtúil Idirnáisiúnta ar Chórais Bainistithe Fuinnimh.

**PFN** – Plean Forbartha Náisiúnta.

**TCGE** – Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, réiteach ticéadaithe nua-aimseartha agus soiléir a chuireann íocaíochtaí fón póca agus cárta dochair/sochair san áireamh.

**CNIIÉ** – Creat Náisiúnta Infheistíochta maidir le hIompar in Éirinn.

**NIS 2 –** An Treoir Slándála maidir le Líonra agus Faisnéis 2022/2555, dlí AE cruthaithe chun cibearshlándáil agus seasmhacht a chur chun cinn ar fud an aontais trí réimse feidhme na chéad Threorach NIS a leathnú lena gclúdaítear tuilleadh earnálacha agus eintiteas, bonneagar criticiúla, soláthraithe seirbhísí digiteacha, agus comhlachtaí meánmhéide níos mó san áireamh.

**ÚNI –** An tÚdarás Náisiúnta Iompair.

**INRT –** An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach (INRT) tionscal chun roinnt ionad rialaithe a fhorbairt ar an suíomh céanna, le príomhchuspóir acu córas bainistithe traenach nua a sholáthar lena mbainistítear na 600 traein do phaisinéirí agus 10 dtraein lastais á n-oibriú sa lá ar líonra 2,400km iarnróid in Éirinn.

**CNP** – An Creat Náisiúnta Pleanála.

**BNSI –** Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe.

**OSP** – seirbhísí iompair Oibleagáide Seirbhíse Poiblí nó seirbhísí iompair fóirdheontais.

**FBSP –** Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí, tacsaithe, hacnaithe agus limisíní san áireamh.

**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**
Teach Mhargadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7,
D07 CF98

**National Transport Authority**
Haymarket House,
Smithfield,
Dublin 7,
D07 CF98

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority